RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2182 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le lipidí agus maidir le maignéisiam i leith ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 41/2009 agus (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos, *inter alia*, ceanglais shonracha chomhdhéanaimh maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú ar ceanglais iad atá bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is déanaí ([3]) ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar an ábhar.

(2) Maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, is éard a fhoráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 go mbeidh ar a laghad 11 g d'aigéad líonoiléach agus 1,4 g d'alfa-aigéad líonoiléach sa chiondáil laethúil iomlán agus nach mbeidh níos mó ná 250 mg maignéisiam inti, faoi mar a leagtar amach i bpointí 4.1, 4.2 agus 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) An 7 Samhain 2019, fuair an Coimisiún iarraidh, mar aon le liosta nua faisnéise eolaíche, ó Total Diet & Meal Replacements Europe go ndéanfaí athbhreithniú ar na ceanglais chomhdhéanaimh maidir le haigéad líonoiléach, aigéad alfa-líonoiléach agus maignéisiam i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798. An 10 Márta 2020, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis eolaíoch a cuireadh isteach agus ar aon fhaisnéis ábhartha eolaíoch eile a bhí ar fáil agus, dá mbeadh gá leis, conclúidí na tuairime eolaíche is déanaí uaidh ([4]) a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann leis na híosleibhéil aigéid líonoiléach agus aigéid alfa-líonoiléach san ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, mar aon leis an uasleibhéal maignéisiam.

(4) Sa ráiteas uaidh an 15 Aibreán 2021 maidir leis an bhfaisnéis eolaíoch breise i ndáil le comhdhéanamh fíor-riachtanach an ionadaigh ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú ([5]), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil gá aigéad líonoiléach a chur leis an ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, toisc, le linn don duine a bheith ag cailleadh meáchain agus é ag tógáil an ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, gur leor an méid aigéad líonoiléach a scaoiltear ón bhfíochán sailleach chun an riachtanas i leith aigéad líonoiléach a chomhlíonadh. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, cé go bhféadfaí thart ar 40 % d'iontógáil leordhóthanach aigéid alfa-líonoiléach a sholáthar ón méid a scaoilfí ón bhfíochán sailleach le linn do dhaoine róthroma nó murtallacha a bheith ag cailleadh meáchain agus iad ag tógáil ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú, gur gá 0,8 g/lá ar a laghad de a sholáthar tríd an ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a

([1]) IO L 181, 29.6.2013, lch. 35.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais shonracha comhdhéanaimh agus faisnéise maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú. (IO L 259, 7.10.2017, lch. 2).

([3]) Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí), 2015. *Scientific Opinion on the essential composition of total diet replacement for weight control* [Tuairim Eolaíoch maidir le comhdhéanamh fíor-riachtanach an ionadaigh ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú], EFSA Journal [Iris EFSA] 2015;13(1):3957 agus Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí), 2016. Tuairim Eolaíoch maidir leis na Luachanna Tagartha Cothúcháin le haghaidh coilín, EFSA Journal [Iris EFSA] 2016;14(8):4484.

([4]) EFSA Journal [Iris EFSA] 2016;14(8):4484.

([5]) Painéal NDA EFSA (Painéal EFSA ar Chothú, Bianna Núíosacha agus Ailléirginí Bia), 2021. *Statement on additional scientific evidence in relation to the essential composition of total diet replacement for weight control* [Ráiteas maidir le faisnéis eolaíoch bhreise i ndáil le comhdhéanamh fíor-riachtanach an ionadaigh ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19 (4):6494.

rialú chun an iontógáil leordhóthanach a chomhlíonadh i leith aigéad alfa-líonoiléach. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach ábhar imní é an cion maignéisiam a mhéadú go 350 mg/lá san ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú. Cé gur féidir le buinneach a bheith mar thoradh ar maignéisiam is beag an dóchúlacht go spreagfadh maignéisiam buinneach chomh dona sin go mbeadh sí ina cúis imní i gcás daoine róthroma nó murtallacha a bhfuil ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú á thógáil acu, ós rud é go mbíonn iatacht ar na daoine sin níos minice ná buinneach.

(5) Ar bhonn chonclúidí an Údaráis, agus d'fhonn an dul chun cinn eolaíoch a chur san áireamh, is iomchuí deireadh a chur leis an íoscheanglas maidir le haigéad líonoiléach atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798, an t-íoschion aigéid alfa-líonoiléach a cheanglaítear faoin Rialachán Tarmligthe sin a laghdú agus an t-uaschion maignéisiam a cheadaítear i leith na dtáirgí sin a mhéadú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1798 mar a leanas:

(1) scriostar pointe 4.1;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.2:

"Ní bheidh an méid aigéid alfa-líonoiléach i dtáirgí ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú níos lú ná 0,8 g i leith na ciondála laethúla iomláine.";

(3) i bpointe 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:

"Ní bheidh níos mó ná 350 mg maignéisiam i dtáirgí ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú i leith na ciondála laethúla iomláine."